Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

15885/23
ADD 1
LIMITE
PV CONS 58
RELEX 1375

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha/Forbairt)

21 Samhain 2023

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**3. Cúrsaí reatha**[1]

Thug an Chomhairle aghaidh ar an méid seo a leanas:

– Tacaíocht ón Aontas d'atógáil na hÚcráine

– Comhar um fhorbairt leis an bPalaistín

– Tuarascáil mheántéarma chomhpháirteach ón gCoimisiún/Ardionadaí maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne (GAP III)

– Obair leantach ar an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus CELAC a tionóladh sa Bhruiséil an 17-18 Iúil 2023

**4. Rannpháirtíocht 'Foireann na hEorpa' i dtimpeallachtaí casta san Afraic**
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle.

**5. Aon ghnó eile**

– Ba dhíol sásaimh don Chomhairle an t-eolas a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le síniú Chomhaontú Shamó — Comhaontú comhpháirtíochta nua idir an tAontas agus ESACC.

– Thug an Chomhairle dá haire an t-eolas a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le toradh an chéad eagráin d'Fhóram na Tairsí Domhanda a tionóladh sa Bhruiséil an 25-26 Deireadh Fómhair 2023.

1 Lena n-áirítear seisiún neamhfhoirmiúil tuairimíochta le hUachtarán Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda (trí fhíschomhdháil)



PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 15546/23**

PUBLIC

**Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':**

**Conclúidí maidir le cur chuige 'Foireann na hEorpa'**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach a chumhdaítear comhionannas idir mná agus fir i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir i gcóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, déanfaidh an Pholainn an leagan 'an comhionannas inscne' a thuiscint mar thagairt don chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8 agus 153 agus Airteagal 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cé go dtagann an Pholainn leis an gcomhthoil atá ann maidir leis na conclúidí ón gComhairle, ní mheasaimid gur teanga chomhaontaithe iad na gnéithe sonracha thuasluaite ná gur bonn iad d'aon chaibidlíocht a dhéanfaí amach anseo.'

**Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':**

**Conclúidí maidir le haistriú sóisialta, glas agus digiteach**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach a chumhdaítear comhionannas idir mná agus fir i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir i gcóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, déanfaidh an Pholainn an leagan 'an comhionannas inscne' a thuiscint mar thagairt don chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8 agus 153 agus Airteagal 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis an méid thuas, aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma 'inscne', tuigfidh an Pholainn iad mar 'gnéas' i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19 mír 1 agus Airteagal 157 míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cé go dtagann an Pholainn leis an gcomhthoil atá ann maidir leis na conclúidí ón gComhairle, ní mheasaimid gur teanga chomhaontaithe iad na gnéithe sonracha thuasluaite ná gur bonn iad d'aon chaibidlíocht a dhéanfaí amach anseo.'

**Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':**

**Conclúidí maidir leis an tionscnamh spotsolais (CoA SR UIMH 21/2023)**
*Formheas*

PUBLIC

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach a chumhdaítear comhionannas idir mná agus fir i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir i gcóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, déanfaidh an Pholainn an leagan 'an comhionannas inscne' a thuiscint mar thagairt don chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8 agus 153 agus Airteagal 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis an méid thuas, aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma 'inscne', tuigfidh an Pholainn iad mar 'gnéas' i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19 mír 1 agus Airteagal 157 míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cé go dtagann an Pholainn leis an gcomhthoil atá ann maidir leis na conclúidí ón gComhairle, ní mheasaimid gur teanga chomhaontaithe iad na gnéithe sonracha thuasluaite ná gur bonn iad d'aon chaibidlíocht a dhéanfaí amach anseo.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Ba léiriú suntasach comhthola é gur glacadh Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta (ICPD) maidir le Daonra agus Forbairt agus Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta. Tugadh, leo sin, tús áite do theachtadh na gceart daonna san fhorbairt, agus rinneadh dul chun cinn tábhachtach i réimsí na sláinte, an chomhionannais inscne agus an oideachais ó glacadh iad. Tá na réimsí sin i gcroílár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ina gcuimsítear mar phrionsabail bhunúsacha urramú uilíoch chearta an duine agus dínit an duine, an smacht reachta, an ceartas, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú.

Tá an Ungáir tiomanta dá gealltanais i réimse chearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban. Táimid fíorthiomanta do chur chun feidhme Chlár Ghníomhaíochta ICPD agus Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta chomh maith le Clár Oibre 2030, atá ag fónamh freisin mar thagairtí bunúsacha i réimsí na sláinte gnéis agus atáirgthe agus na gceart atáirgthe.

Maidir leis an téarma 'sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe' agus saincheisteanna gaolmhara mar shampla 'cearta gnéis', 'oideachas cuimsitheach gnéasachta', níl aon sainmhíniú comhthola ann orthu ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear laistigh den Aontas Eorpach. Déanann an Ungáir na saincheisteanna sin a léirmhíniú agus a chur chun cinn i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030, Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Is dá réir sin freisin a léirmhínítear na téarmaí agus na saincheisteanna a luaitear thuas sna dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le *Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní.'*

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Conclúidí maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib**<br>*Formheas* |

PUBLIC

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Is mór ag an mBulgáir forbairt agus doimhniú an chaidrimh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus dá bhrí sin, is mian léi tacú leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá beartaithe maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. In 2021, ghlac Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire cinneadh eile lena soiléirítear nach bhféadfaí breathnú ar an gcoincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch.

Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na cinntí thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach féidir léi glacadh le coincheap na hinscne ná le cur chuige inscnebhunaithe Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, ná le haon doiciméad eile ina mbeartaítear difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta. Thairis sin, creidimid go láidir gur cheart don Chomhairle úsáid a bhaint as téarmaíocht na Cairte agus aghaidh á tabhairt aici ar chearta bunúsacha i gcomhthéacs Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.'